



Magasin des Petits Enfants

LE PETIT
POUCET

PARIS

LIBRAIRIE HACHETTE & C^{IE}

BOULEVARD ST GERMAIN. N^o 79.



An Draoidín

Fadó fadó bhí búistéir agus a bhean chéile ann. Ní raibh an páiste ba shine ach deich mbliana d'aois; agus ní raibh an páiste ab óige, nuair a rugadh é, ach beagánín níos mó ná ordóg, agus mar gheall air sin tugadh “an Draoidín” air.

Bhí an buachaill bocht seo mar cheap magaidh an tí; mar sin féin, ní raibh duine ar bith de dheartháireacha s'aige chomh cliste ná chomh ciallmhar leis. Níor labhair sé an t-am ar fad ach bhíodh sé i gcónaí ag éisteacht.



Tharla sé bliain amháin go raibh an gorta ag luí go trom ar gach duine sa tír. Bhí sé chomh dona sin nach raibh arán ar bith ag an bhúistéir agus a bhean chéile a bhéidís in ann a thabhairt dá bpáistí. Rinne siad cinneadh go ndéanfadh siad rud éigin leis an fhadhb a réiteach.

Bhí an mháthair bhocht buailte ag an éadóchas, mar cheap sí nach bhfeicfeadh sí a cuid buachaillí beaga arís.

“Cén toradh a bheidh air seo?” ar sise go hologónach, “íosfaidh na mic tíre iad, nach linne an mí-ádh seo.”

“Cad atá uait, a thaisce,” a d’fhreagair an búistéir, “má fhanann siad linne is cinnte go bhfaighfidh siad bás de bharr ocrais, glacfaidh muid chuig an choill amárach iad, agus fágfaidh muid i gcúram Dé iad.”

Agus na tuismitheoirí ag caint agus ag pleanáil, bhí na páistí uilig ina gcodladh, ach amháin an Draoidín. Chuala sé ón leaba go raibh comhrá dairíre ar siúl agus d’éirigh sé go h-iontach ciúin agus théaltaigh sé síos staighre. Chuala sé gach rud agus ní fhaca duine ar bith é.

Chuaigh sé ar ais chuig a leaba, ach níor chodail sé a thuilleadh an oíche sin. An mhaidin dar gcionn, tar éis éirí go h-iontach luath, chlúdaigh sé an tábla le méaróga agus clocha beaga agus chuir sé ina phóca iad.

D’fhág siad chun dul chuig an choill, a bhí chomh tiubh sin nach mbeifeá in ann rud ar bith a fheiceáil deich gcoiscéim romhat.

Thosaigh an búistéir ag gearradh adhmaid.

Chonaic an t-athair agus an mháthair go raibh siad gnóthach ag obair, agus d’imigh siad go mall ar dtús agus ansin go tapa ar chosán chasta.

Nuair a thug na páistí faoi deara go raibh siad leo féin, thosaigh siad ag caoineadh in ard a gcinn is a ngutha.

Lig an Draoidín dóibh caoineadh agus fios maith aige cén bealach a rachadh siad ar ais chuig an teach, toisc gur fhág sé na clocha agus na méaróga a bhí aige ina phóca ar an talamh ina dhiaidh agus iad ag siúl.

“Ná bígí buartha,” a dúirt sé lena dheartháireacha, “táim ag dul sibh a ghlacadh ar ais chuig abhaile, tagaigí i mo dhiaidh.”

B’in an rud a rinne siad agus tar éis tamaillín bhain siad a gceann scríbe amach.

Ní raibh sé de mhisneach acu dul isteach ach ar an dea-uair, d’oscail a máthair an doras, agus nuair a chonaic sí páistí s’aici theann sí lena croí iad agus bhí gliondar an domhain uirthi.

“Tagaigí isteach, mo pháistí,” a dúirt sí, “tagaigí isteach, tá saibhreas orainn, táimid tar éis deich gcoróin a bhí amuigh orainn le tamall a fháil .” Mar a tharla sé, bhí béile den scoth acu an oíche sin.

Sna laethanta ina dhiaidh sin, bhí dea-atmaisféar sa teach, ach nuair a bhí an t-airgead ar fad imithe, d’imigh an dea-atmaisféar, agus bheartaigh an búistéir agus a bhean chéile fáil réidh lena bpáistí uair amháin eile. Díreach le go n-éireodh leo an t-am seo agus nach dtiocfadh na páistí ar ais, bheartaigh siad iad a thógáil i bhfad níos faide ná an chéad uair.

Ní raibh siad in ann caint faoi sin faoi rún, áfach, agus chuala an Draoidín iad arís; d’éirigh sé go luath an mhaidin dar gcionn chun clocha agus méaróga a fháil ach ní raibh sé in ann toisc go raibh dhá ghlas ar an doras.

Ní raibh a fhios aige céard a dhéanfadh sé. Bheartaigh sé ar arán a thug a mháthair dó a úsáid in ionad na gcloch agus chuir sé ina phóca é.


Thug an t-athair agus an mháthair chun an áit ba thibhe san fhoraois iad, agus chomh luath agus a bhí siad ann, shroich siad cosán beag nach raibh ar eolas ag aon duine cé is moite díobh féin agus d'fhág siad na páistí ansin.

Ní raibh an Draoidín róbhuartha, mar chreid sé go n-aimseodh sé an bealach amach go héasca ach úsáid a bhaint as an arán a chuir sé gach áit a ndeachaigh sé; ach bhí ionadh an domhain air nach raibh fiú grabhróg amháin ann a thuilleadh; d'ith na héin gach rud.

Tháinig an oíche, agus bhí na páistí bochta go mór trína chéile toisc go raibh siad tréigthe sa choill seo nach raibh le cloisteáil ann ach fuaim na gaoithe agus uallfairs na mac tíre. Dhreap an Draoidín barr crainn go bhfeicfeadh sé arbh fhéidir leis aon rud a fheiceáil. Agus é ag casadh a chinn thart timpeall, chonaic sé léas beag a bhí ar nós léas coinnle, ach bhí sé i bhfad ní b'fhaide anonn ná an fhoraois. Síos leis ón gcrann, agus nuair a shroich sé an talamh, ní fhaca sé rud ar bith a thuilleadh, agus chuir sin brón air.

Tar éis dó bheith ag siúl lena dheartháireacha ar feadh tamaill, i dtreo an tsolais a chonaic sé, chonaic sé arís é agus iad ag imeacht ón gcoill. I ndeireadh na dála, shroich siad an teach ina raibh an solas agus chnag ar an doras. Tháinig bean chucu agus d'fhiafraigh sí díobh céard a bhí uathu: "Giota aráin agus cead a bheith istigh dom féin agus do mo dheartháireacha," arsa an Draoidín, "mar níl ionainn ach páistí bochta atá ar strae agus a bhfaighidh bás le fuacht agus le hocras san fhoraois seo."





“Faraor!” arsa an bhean, “teach gruagaigh a itheann páistí beaga atá anseo; fillfidh sé, teithigí go rísciobtha ionas nach maróidh sé sibh.”

“Má théimid ar ais san fhoraois,” arsa an Draoidín, “íosfaidh na mic tíre muid pé scéal é, b’fhearr linn go mór é dá n-íosfadh an gruagach muid, agus b’fhéidir go mbeidh trua aige dúinn.”

Lig an bhean chineálta, a chreid go bhféadfadh sí a gcur i bhfolach go dtí an mhaidin dár gcionn, dóibh teacht isteach agus thug sí bia dóibh.

Bhí na buachaillí breá compordach nuair a chuala siad trí nó ceithre chnag arda ar an doras. An gruagach a bhí ann; chuaigh na páistí i bhfolach faoin leaba láithreach bonn.

“A thiarcais! A thiarcais!” arsa an gruagach agus é ag bolú thart “bolaím feoil úr, tá rud éigin nua anseo.” Ansin, chuaigh sé díreach chuig an leaba agus tharraing sé amach an seachtar buachaillí beaga a bhí i bhfolach fuithi. “Margadh iontach is ea é seo” arsa an gruagach gránna “beidh orm triúr de mo chairde a fháil amárach agus beidh na caimiléirí beaga seo mar bhéile blasta againn.”

Bhí sé ag iarraidh a marú láithreach ionas go mbeadh a gcuid feola ní ba bhoige, ach mar gheall ar ghríosú a mhná chéile, thug sé cead dóibh dul a chodladh.


Cheapfá gurbh ar éigean a chodail siad riamh, bhí an Draoidín go háirithe ag smaoineamh ar bhealach éalaithe ón gcontúirt le fada. Thug sé faoi deara go raibh iníonacha an ghruagaigh ina gcodladh sa seomra béal dorais. Seachtar a bhí ann, agus chaith gach iníon coróin óir ar a ceann ach bhí hataí cadáis ar na buachaillí.

Agus tuairim ag an Draoidín go bhféadfadh leis an ngruagach teacht i rith na hoíche le slad a dhéanamh air féin agus ar a dheartháireacha, bheartaigh sé na hataí cadáis a bhí orthu a mhalartú le corónacha óir na gcailíní beaga. An sprioc a bhí aige ba ea go gceapfadh an gruagach gurbh iad na buachaillí a iníonacha féin agus gurbh iad a iníonacha na buachaillí.

An rud a thuar an Draoidín, b'in díreach a tharla; d'éirigh an gruagach i rith na hoíche, chuaigh sé a fhad le leaba na mbuachaillí, ach nuair a thug sé na corónacha óir ar a gcinn, nuair a thug sé faoi deara iad, lean sé air a fhad le leaba a iníonacha agus ghlac sé leis gurbh iad na buachaillí a bhí ann, a bhuí leis na hataí cadáis a bhí orthu. Sháigh sé a scian mhór i ngach aon duine acu agus ansin, d'fhill sé ar a leaba féin, sásta lena raibh déanta aige.

A luaithe agus a chuala an Draoidín srannadh an ghuagaigh, dhúisigh sé a dheartháireacha, dúirt sé leo a gcuid éadaí a chur orthu, dul thíos staighre agus amach sa ghairdín ar bharraicíní a gcos le héalú ó theach an ghruagaigh agus rith ach an deis a fháil. Nuair a dhúisigh sé, áfach, dúirt an gruagach lena bhean, “téigh suas ansin agus cuir a gcuid éadaí ar na rógairí sin a tháinig anseo aréir.” Lean a bhean ionúin uirthi suas staighre go dtí an seomra agus lig sí scread chráite aisti nuair a chonaic sí a hiníonacha agus slad déanta orthu. Baineadh a oiread stangtha as an ngruagach is a baineadh as a bhean, “na diabhair bheaga,” a dúirt sé agus é le ceangal, “is daor a íocfaidh siad as seo, tabhair dom mo bhróga draíochta go bhfaighidh mé greim orthu.”

Bhuail sé bóthar láithreach, ag dul ó shliabh go sliabh agus ag trasnú aibhneacha amhail is gur chuislí beaga uisce iad, go dtí nach raibh sé i bhfad ó na páistí.



Chonaic an Draoidín i bhfad uathu é, chuir sé a dheartháireacha i bhfolach faoi charraig chuasach a bhí in aice leis an mbóthar agus shleamhnaigh sé féin faoi ansin agus súil in airde aige don ghruagach i gcónaí.

Bhí tuirse ar an ngruagach faoin am seo agus chuaigh sé a chodladh ar an gcarraig faoina raibh na buachaillí beaga i bhfolach.

Nuair a chonacthas don Draoidín go raibh sé ina chnap codlata, bhain sé a bhróga draíochta den ghruagach go haireach agus chuir sé air féin iad láithreach; bróga ollmhóra, leathana a bhí iontu ach toisc gur bhróga draíochta iad, d'fhéadfaidís dul i méad nó i laghad, rud a chuir lúcháir an domhain ar an mbuachaill beag.

Ba ar éigean a bhí na bróga air nuair a dhúisigh an gruagach agus é meáite ar an Draoidín a leanúint ach fad is an buachaill beag ag léim ó shliabh amháin go sliabh eile gan stró, thit an gruagach gránna le haill agus fáscadh an t-anam as.

Agus é saor ón ngruagach, chuaigh an Draoidín go dtí an clós, áit a bhfuair sé amach go raibh imní mhór ar mhuintir na háite faoi arm ar leith a bhí dhá chéad léig ar shiúl agus faoi thoradh an chogaidh. Chuaigh sé sa tóir ar an rí agus d'inis sé dó go bhfillfeadh sé le scéala an airm roimh dheireadh an lae dá mba mhaith leis. Ghlac an rí leis an tairiscint agus gheall sé go dtabharfadh sé suim mhór airgid mar chúiteamh dó.

Sheas sé lena fhocal agus d'fhill sé ar an gclós an oíche chéanna. D'fhógair sé go raibh an cogadh bainte amach ag an arm agus bhain sé cáil amach dó féin de thoradh an éachta iontaigh a bhí déanta aige.

Shaothraigh sé cuid mhór airgid mar theachtair agus nuair a bhí ór an tsaol aige, d'fhill sé abhaile go dtí a athair, ar sheol sé airgead chuige roimhe sin le hóc as scolaíocht a dheartháireacha. Bhí áthas an domhain ar an ngearrthóir crann agus ar a bhean go raibh a mac, ar laoch anois é, ar ais sa bhaile. Bhí saol na bhfuíoll ag an teaghlach, cheannaigh sé talamh dá dheartháireacha agus mhair muintir na háite go sona sásta, a bhuí leis an Draoidín.

